2025/1866

15.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1866 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2025

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 9 agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún ([2]) ('an bun-Rialachán') an 10 Feabhra 2025 d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/826 ón gCoimisiún ([3]), ionadaíodh Airteagal 1(1) den bhun-Rialachán d'fhonn cóid bhreise TARIC a chur le cóid AC 2710 19 11, 2710 19 15, 2710 19 21, 2710 19 25 agus 2710 19 29.

(3) Cuireadh cóid TARIC in ionad na gcód breise TARIC thuasluaite.

(4) I bhfianaise a bhfuil thuas, meastar gur gá an bun-Rialachán a leasú chun na cóid TARIC nua a léiriú in Airteagal 1(1) de.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 1(1), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261:

'1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí eistear mona-ailcile aigéid shailligh agus/nó gás-olaí pairifíneacha a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, ar a dtugtar 'bithdhíosal' de ghnáth, i bhfoirm íon nó i gcumasc, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cóid TARIC 1516 20 98 21, 1516 20 98 29 agus 1516 20 98 33), ex 1518 00 91 (cóid TARIC 1518 00 91 21, 1518 00 91 29 agus 1518 00 91 33), ex 1518 00 95 (cód TARIC 1518 00 95 21), ex 1518 00 99 (cóid TARIC 1518 00 99 21, 1518 00 99 29 agus 1518 00 99 33), ex 2710 19 42 (cóid TARIC 2710 19 42 21 agus 2710 19 42 29), ex 2710 19 44 (cóid TARIC 2710 19 44 21, 2710 19 44 29 agus 2710 19 44 33), ex 2710 19 46 (cóid TARIC 2710 19 46 21, 2710 19 46 29 agus 2710 19 46 33), ex 2710 19 47 (cóid TARIC 2710 19 47 21, 2710 19 47 29 agus 2710 19 47 33), 2710 20 11, 2710 20 16, ex 3824 99 92 (cóid TARIC 3824 99 92 10, 3824 99 92 14 agus 3824 99 92 17), 3826 00 10 agus ex 3826 00 90 (cóid TARIC 3826 00 90 11, 3826 00 90 19 agus 3826 00 90 33), cé is moite de bhreoslaí eitlíochta

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/261, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/261/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/826 ón gCoimisiún an 29 Aibreán 2025 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/261 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2025/826, 30.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/826/oj).

inbhuanaithe a chomhlíonann ceanglais ASTM D7566-22 Sonraíocht Chaighdeánach maidir le Breosla Tuirbín Eitlíochta ina bhfuil Hidreacarbóin Shintéisithe, a thagann faoi láthair faoi chóid AC ex 2710 19 42 (cód breise TARIC 89FT), ex 2710 19 44 (cód breise TARIC 89FT), ex 2710 19 46 (cód breise TARIC 89FT), ex 2710 19 47 (cód breise TARIC 89FT), ex 2710 20 11 (cód breise TARIC 89FT) agus ex 2710 20 16 (cód breise TARIC 89FT), agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

1a. Chun faireachán a dhéanamh ar allmhairí breoslaí eitlíochta inbhuanaithe, beidh na cóid TARIC seo a leanas faoi réir faireacháin, mar aon leis na cóid a luaitear i mír 1 a eisiadh ó raon feidhme an bhirt: Cód TARIC 2710 19 11 10, cód TARIC 2710 19 15 10, cód TARIC 2710 19 21 10, cód TARIC 2710 19 25 10 agus cód TARIC 2710 19 29 10.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN